Ùimh 8
Earrach 2004

Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Eagarfhocal le Dr. Gemma Kiernan,

Leas-Stiúrthóir, LFOLO

Fáilte chuig eagrán an Earraigh 2004 de Alana. De réir mar a dhéanann an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais an Luath-Óige dul chun cinn i gcúram agus in oideachas in Éirínn a fhorbairt agus a chomhordú, táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil tacaíocht ag ár n-obair ó chlár cuimsitheach taighde.

Chun ár gcuspóirí creatlach cháilíochta a fhorbairt do chúram agus oideachas na luath-óige a chomhlíonadh, chríochnaíomar le gairid athbhreithniú anailíseach ar bheartais, ar chleachtais agus ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, táimid ag ullmhú creatlach choincheapúil faoi láthair a scrúdaigh an rud a éascaíonn an fhorbairt agus an fhoghlaim is fearr do leanaí óga in Éirinn. Tá an t-athbhreithniú anailíseach agus an chreatlach choincheapúil ag ard-chéim dréachtaithe agus foilseofar an samhradh seo iad do chomhairliú an phobail. Tugann taighde den sórt seo bunús láidir fianaise dúinn dár gcuid oibre, rud a chinnteoidh go mbeidh sé láidrithe ag torthaí agus faisnéis bhailí, iontaofa.

Maidir lenár gcuspóir idirghabhálacha dírithe a fhorbairt ar bhun píolótach do leanaí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus leanaí le riachtanais speisialta, thosaíomar taighde bonnlíne tionscantach chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí atá sna réimsí seo cheana féin. Beidh na torthaí a fuaireamar foilsithe an mhí seo sa tuarascáil "De Réir Sprice? Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhisí Dírithe ar Mhíbhúntaiste agus Riachtanais Speisialta i measc Leanai Óga ó Bhreith go Sé Bliana in Eirinn. Féadfaidh tu léamh faoi De Réir Sprice agus na tionscadail taighde éagsula ar ár suiomh gréasáin www.cecde.ie. Ag tógáil ar an taighde seo, chuireamar tús le gairid le roinnt tionscadal taighde ollmhóra ag díriú ar réimsí cosúil le míbhuntáiste scaipthe, idirghabháil luath do leanaí le riachtanais speisialta i suímh ilghnéitheacha, forbairt ar shamhlacha dea-chleachtais is féidir a scaipeadh ar gach ionad Tús Luath agus ar shuímh luathbhlianta, clár forbartha inghairme do mhúinteoirí agus do bhainistiú i réamhscoileanna Lucht Siúil a fhorbairt agus imscrúdú ar dhearcadh, go háirithe dearcadh leanaí, ar shainmhíniú cáilíochta i suímh luathbhlianta. Féadfaidh tú léamh faoi dtionscadail taighde éagsúla san eagrán seo de Alana. Agus taighde den sórt seo á dhéanamh, tuigimid luach caidrimh láidir idir taighde, cleachtas agus beartas.

An cuspóir deiridh atá againn ná, ar ndóigh, an bhunobair a ullmhú do Ghníomhaireacht Luath-Oideachais. Táthar ag súil sa Pháipéar Bán 'Ullamh le Foghlaim' (1999) gurb é ceann de go leor feidhmeanna a bheidh ag an nGníomhaireacht ná taighde, forbairt agus scaipeadh dea-chleachtais. Mar gheall air seo, táimid tiomanta do chur le cumas taighde na hearnála cúram agus oideachais luath-óige. Chomh maith le bheith ag obair go dlúth le roinnt eagraíochtaí chun tacú lena dtionscnaimh thaighde, táimid ag maoiniú ceithre mhac léinn dochtúireachta ag Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Tugann an t-eagrán seo de Alana blaiseadh duit den chineál taighde dochtúireachta atá á dhéanamh.

Creidimid go bhfuil an scaipeadh ríthábhachtach i dtaighde éifeachtach. Mar sin, leanfaimid de bheith gníomhach i nádúr ár dtaighde agus torthaí ar dtaighde a chur in iúl duit, trí réimse foilseachán leabhar agus irise, ár láithreán gréasáin agus trí chur i láthair comhdhála. Táimid ag tnúth go mór lenár gcomhdháil idirnáisiúnta i gCaisleán Átha Cliath an Meán Fómhair seo 'Ceisteanna Cáilíochta'. Tabharfaidh sé deis iontach dúinn taighde, cleachtais agus beartais a bhaineann le cáilíocht ar fud an domhain a phlé.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo de Alana agus an léargas a thugann sé duit faoi ghnéithe dár gclár taighde. Guímid samhradh an-deas.....agus an ghrianmhar le cúnamh Dé oraibh!

Dr Gemma Kiernan
Leas-Stiúrthóir

CLÁR ABHÁIR

Mic Léinn Thaighde LFOLO 3
Foilseacháin LFOLO Nua

Tionscadal Dírithe 4

Giotaí o Chur i Lathair Le Gairid 5

Ceisteanna Cáilíochta 6
Comhdhail Idirnaisiunta
Cuairteanna a Thug Toscairi OMEP

Mic Léinn Taighde LFOLO: Nua Shonrú Dul Chun Cinn

Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil beirt eile mac léinn PhD fostaithe againn mar chuid dár Straitéis Taighde chun cumas taighde na hEarnála um Chúram agus Oideachais na Luath-Óige a láidriú agus cur leis. Tá sonraí na ceithre mac léinn le fáil ar ár láithreán gréasáin, chomh maith le nuashonrú ar a gcuid oibre go dtí seo.

Carmel Brennan

Oibríonn Carmel leis an IPPA, an Eagraíocht Luath-Óige agus tá sí freagrach as forbairt leanúnach agus comhordú Chláir um Chaighdeán a Fheabhsú an IPPA. D'oibrigh sí mar mhúinteoir, mar sholáthraí grúpa súgartha (Naíonra) agus mar Comhairleoir Cúram Leanaí. Chríochnaigh sí a M.A. san Oideachas leis an Ollscoil Oscailte agus tá sí ag déanamh a cuid staidéir PhD ar 'An Cás i bhfabhar Súgartha', a bhfuil suim faoi leith ag an IPPA ann. Tá Noirin Hayes ó Institiúd Teicneolaíochta Átha Cliath ag déanamh maoirsithe air.

Mary Irving

Tá Mary ina Príomhoide Múinteoireachta i Scoil Naíonáin Naomh Caitríona sa Chabrach, Baile Átha Cliath 7. Chríochnaigh sí MSc i Síceolaíocht le gairid leis an Ollscoil Oscailte, agus tá sí ina Léachtóir Comhlach i bhForbairt Leanaí leis an Ollscoil Oscailte freisin. Tá Mary ag déanamh a cuid staidéir PhD ar Mheasúnú in Oideachas na Luath-Óige agus tá Dr. Gemma Kiernan ón LFOLO agus Dr. Mark Morgan ó Choláiste Naomh Pádraig, Droim Conrach ag déanamh maoirsithe uirthi.

Chun giotaí d'obair an dá Mhac Léinn taighde nua a fheiceáil chomh maith le "**Parental Involvement in Early Years Education, with a particular focus on Travellers**" a scríobh **Anne Boyle** agus "**Building Bridges: An Investigation into the Transition from Preschool to School for Children in Ireland**", a scríobh **Mary O'Kane** féach ár láithreán gréasáin ag http://www.cecde.ie/gaeilge/research_students.php .

Foilseacháin LFOLO Nua

Ta **Leirmheas LFOLO 2002/2003, De Reir Sprice?** agus **Ard-Chaighdean Faoi Chaibidil, Seoladh Tuarascail ar Phroiseas Comhairliuchain ar Ard-Chaighdean i gCuram agus in Oideachais na Luath-Oige** ar fail anois ar ar laithrean greasain ag www.cecde.ie no go direach on tIonad.

CEITHRE THIONSCADAL A THUIGEANN RIACHTANAIS LEANAÍ FAOI MHÍBHUNTÁISTE OIDEACHASÚIL AGUS LEANAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA

Ceann de phríomhchuspóirí an LFOLO ná "**idirghabhálacha dírithe a fhorbairt ar bhun píolótach do leanaí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus leanaí le riachtanais speisialta** ".

Cé go ndíríonn na tionscadail a eascraíonn as an bpríomhchuspóir seo den chuid is mó ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, tá sé tábhachtach a aithint go gcruthóidh gach tionscadal eolas is féidir a úsáid gach áit. Beidh an fhianaise agus an méid a fhoghlaimeofar ó na tionscadail mar bhuntáiste chun cúram agus oideachas luath-óige cáilíochta a fhorbairt do gach leanbh in Éirinn.

Tionscadal 1, Ag Cuardach Cáilíochta: Go leor Dearcaidh

Tá sé ríthábhachtach don LFOLO i gcreatlach cháilíochta a fhorbairt do chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn modheolaíocht a fhorbairt chun gach dearcadh maidir le cáilíocht a chur in iúl – go háirithe dearcadh leanaí.

Mar gheall air seo, is í an aidhm atá leis an tionscadal seo ná tuiscint níos fearr a fháil ar cháilíocht i gcomhthéacs na hÉireann, go háirithe chun go leor dearcaidh a fháil maidir le sainmhíniú na cáilíochta laistigh de shuímh chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn.

Tionscadal 2, Idirghabháil Luaith do Leanaí le Riachtanais Speisialta i Suímh Éagsúla

Is í an aidhm atá leis an tionscadal seo ná idirghabháil ardcháilíochta a thabhairt do leanaí trí bliana d'aois le riachtanais speisialta i dtrí shuíomh éagsúla. Rang speisialaithe i scoil speisialta do leanaí le míchumais agus grúpa súgartha pobail péire de na suímh seo. Is féidir an tríú suíomh a aithint trí chóimheas cothrom leanaí le míchumais agus leanaí le gnáth-fhorbairt, i rang réamhscoile, i scoil phríomhshrutha.

Tionscadal 3, Clár Forbartha Inghairme do Mhúinteoirí agus do Bhainistíocht i Réamhscoileanna don Lucht Siúil

Fuair an Tuarascáil Náisiúnta Luachála maidir le Réamhscoileanna don Lucht Siúil (ROE, 2003) go raibh géarghá le hoiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí agus do chomhaltaí na gcoistí bainistíochta ar na réamhscoileanna seo.

Is í an aidhm atá ag an tionscadal seo ná clár forbartha inghairme a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do mhúinteoirí agus do chomhaltaí na gcoistí bainistíochta ar na réamhscoileanna don Lucht Siúil.

Tionscadal 4, Tionscadal Comhtháthú Tús Luath

Is í an aidhm atá leis an tionscadal seo ná samhlacha sonraithe dea-chleachtais a fhorbairt i réimse sonraithe gníomhaíochta is féidir a scaipeadh ar gach ionad Tús Luath, agus ar an earnáil cúram agus oideachais na luath-óige go ginearálta [ECCE].

Na Tionscadail a Riaradh

Beidh an LFOLO freagrach as seoladh na dtionscadal a riaradh, a chomhordú agus a mhaoirsiú. Chun na críocha seo tá **Comhordaitheoir Tionscadail, Annette McDonnell**, agus **Rúnaí Tionscadail, Jennifer Mangan**, ceaptha ag an LFOLO agus oibreoidh siad go dlúth le daoine agus le heagraíochtaí a sheolfaidh na ceithre thionscadal.

Bunóidh an LFOLO Bord Comhairleach le rannpháirtithe ó na Ranna Rialtais cuí, go háirithe ó Roinn Oideachais agus Eolaíochta chomh maith le comhairleoirí acadúla. Oibreoidh an Bord Comhairleach leis na tionscadail trí Chomhordaitheoir Tionscadail.

Beidh an ceithre thionscadal faoi réir luachála neamhspleáiche.

Beidh tuilleadh eolais le fáil ar ár láithreán gréasáin www.cecde.ie ar feadh cúrsa na dtionscadal

GIOTAÍ Ó CHUR I LÁTHAIR LE GAIRID Ó FHOIREANN AN LFOLO

Leagan iomlán díobh seo le fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.cecde.ie

Céad Óráid don Chomhdháil OMEP Éire 2004
Le Heino Schonfeld, An Stiúrthóir, LFOLO

Ba mhaith liom díriú ar thrí cheist a chreidim a bhfuil iarmhairtí ollmhóra leo agus a mbeidh tionchar acu ar an mbealach atáimid ag iarraidh cúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn a fhorbairt. Seo iad: (1) An bhfuil an luath-óige sách cosúil le chéile ar fud an domhain leis na riachtanais agus na cearta céanna ag éileamh freagra domhanda? (2) Cén fáth a bhfuil an freagra ar an gcéad cheist tábhachtach chun go mbeimid in ann freagra a thabhairt ar riachtanais leanaí óga in Éirinn? (3) Cén chaoi a bhfuil an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais an Luath-Óige ag tabhairt faoi Creatlach Náisiúnta Cháilíochta a fhorbairt do leanaí óga anseo in Éirinn National Quality Framework?

Péire in aon cheann amháin: Nádúr Athraithe Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn
Cur i láthair ag Comhdháil ESAI 2004 le Thomas Walsh, Oifigeach Forbartha agus Gemma Kiernan, Leas-Stiúrthóir, LFOLO

Tá aitheantas níos mó á thabhairt anois ag leibhéal beartais, cleachtais agus taighde in Éirinn go bhfuil cúram agus oideachas ceangailte ar bhealach dofhuascailte i saol leanaí, lena n-áirítear leanaí óga. San am atá caite, mar sin féin, caitheadh le cúram agus oideachas leanaí óga mar aonáin ar leith, le 'cúram' tugtha sa bhaile agus 'oideachas' tugtha taobh amuigh den bhaile. Thosaigh athruithe sa tsochaí i dtreo dheireadh an fhichiú haois athrú i gcoincheapú a dhéanamh ar chúram agus oideachas na luathóige. De réir a chéile chonacthas foghlaim leanaí óga mar rud leanúnach ó bhreith; cúram agus oideachas a bheith idirspleách. Láidríodh an dearcadh seo le bunú an LFOLO a bhfuil téarmaí tagartha lárnacha aige caighdeáin cháilíochta uileghabhálacha a fhorbairt i ndáil le gach gné den luathfhoghlaim.

Comhairliú ar Cháilíocht
Cur i láthair ag Comhdháil OMEP 2004
le Maresa Duignan, Oifigeach Forbartha, LFOLO

Tá cúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn i bpróiseas athraithe dinimiciúla. Chun go mbainistítear athrú go héifeachtach caithfidh gach páirtí leasmhar a bheith páirteach i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i bpróisis luachála. Eilimint chriticiúil is ea comhairliú chun an páirteachas seo a chinntiú. Cuireann an páipéar seo síos ar an gcéad cheo, den phróiseas náisiúnta comhairleach a d'úsáid an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-óige (LFOLO), chun creatlach náisiúnta cháilíochta a chur le chéile, (lena n-áirítear caighdeán, measúnú agus meicníochtaí tacaíochta), do gach suíomh in Éirinn a bhfuil leanaí ó bhreith go sé bliana i láthair. Is í an aidhm a bhí le comhairliú ná dearcadh bonnlíne a bhunú i measc páirtithe leasmhara maidir le cáilíocht. Cuireann an tuarascáil síos ar réasúnaíocht, modheolaíocht agus torthaí tábhachtacha an chleachtaidh chomhairlithe. Scrúdaítear na torthaí seo ansin i dtéarmaí an tionchar a bheadh ag creatlach náisiúnta cháilíochta a fhorbairt do chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn.

De Réir Sprice?
Iniúchadh ar Sholáthair Seirvhísí a Dhíríonn ar Mhíbhuntáiste agus Riachtanais Speisialta i measc leanaí ó bhreith go sé bliana in Éirinn

Cur i láthair ag Comhdháil OMEP 2004
le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, LFOLO

Díríonn an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige (LFOLO) go háirithe ar riachtanais leanaí faoi mhíbhuntáiste agus / nó riachtanais speisialta. Mar gheall air seo, rinneadh iniúchadh ar sheirbhísí dírithe ar mhíbhuntáiste agus riachtanais speisialta i measc leanaí ó bhreith go sé bliana. Cuireann an páipéar seo réasúnaíocht an Iniúchta i láthair, a bhaineann leis an ngá le sonra iontaofa ar a féidir beartas agus soláthar a bhunú air, chomh maith le torthaí ollmhóra. Cé nach bhfuil sonraí maidir le soláthar ar fáil ar bhealach pleanáilte nó córasach, tá bunachar sonraí curtha le chéile ag an LFOLO ina bhfuil thart ar 1,400 seirbhís, léirithe ar mhapaí. Úsáideadh an torthaí seo chun moltaí a fháil maidir le beartas do chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn.

Tá foirmeacha áirithintí ar fáil anois don Chomhdháil Idirnáisiúnta le teacht, 'Ceisteanna Cáilíochta' atá le bheith i gCaisleán Átha Cliath, Meán Fómhair 23rd-25th 2004!

Cur síos ar an gClár:

Déardaoin 23 Meán Fómhair

7.00 rn Fáiltiú & Clár sna hÁrasáin Stáitse, Caisleán Átha Cliath

Dé hAoine 24 Meán Fómhair

9.00 rn Clárú
9.30 rn Oscailt ón **Uasal Noel Dempsey, Aire Oideachais & Eolaíochta**
10.00 rn **Spreagchainteoir – An tOllamh Tricia David**
11.00 rn Tae / Caife
11.30 rn **Ceardlanna – Sainmhíniú Cáilíochta**
1.00 in Lón
2.30 in **Spreagchainteoir – Dr. Mathias Urban**
3.30 in Tae / Caife
4.00 in **Ceardlanna – Measúnú Cáilíocht**
5.30 in Dún
8.00 in **Dinnéir Mór, Halla Naomh Phádraig, Caisleán Átha Cliath**

Dé Sathairn 25 Meán Fómhair

9.00 rn **Spreagchainteoir - Dr Richard Clifford**
10.00 rn Tae / Caife
10.30 rn **Ceardlanna – Tacú le Cáilíochta**
12.00 in **Painéal Díospóireachta agus aiseolas ó na ceardlanna**
12.50 in **Dúnadh Comhdhála - Nóirín Hayes**
1.30 in Lón

Beidh tuilleadh faisnéise maidir le ceardlanna ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Táillí Cláraithe:

Táille Cláraithe luaith €295 an toscaire

Táille cláraithe níos déanaí i ndiaidh 23 Lúnasa 2004 €395 an toscaire

Áirítear freastal lá iomlán, lón agus gach ábhar comhdhála sa táille.
Beidh breis táille ag baint leis an dinnéir.

D'fhoirm chláraithe, téigh i dteagmháil le:

Sinead Marrinan, Conference Partners Ltd.,
Teil: +353 1 667 7188
Ríomhphost: sinead@conference partners.ie

Nó scríobh d'ainm isteach ar Láithreán Gréasáin na Comhdhála www.cecde.ie.

CECDE staff and OMEP delegates visit St. Bridget's Junior School, Finglas...

Bhí sé d'ádh ag foireann LFOLO (Gemma Kiernan agus Annette McDonnell) agus toscairí OMEP cuairt a thabhairt ar Scoil Sóisear Naomh Bhríde i bhFionnghlas ar an Aoine 23ú Aibreán. Chuir an Príomh-Oide Carmel Lillis, an Múinteoir Teagmhála Baile Cepta Ball agus na múinteoirí agus na leanaí ar fad fáilte ó chroí romhainn. Ar na gnéithe den chuairt ba mhó suntais bhí cuairt ar Rang an Túis Luaith, grúpa Maths for Fun a raibh leanaí agus tuismitheoirí páirteach ann, grúpa Máthar agus Lapadán, agus dreas ceoil on gCéad Rang.
Gabhaimid buíochas ó chroí do Charmel agus do mhúinteoirí agus leanaí uile Scoil Bhríde a thug eolas agus inspioráid dúinn le linn ár gcuairte.

...agus Lárionad Chúram Leanaí Naomh Aindriais, Sráid an Phiarsaigh

Chuir Una Caffrey, Bainisteoir, agus a foireann fáilte go Lárionad Chúram Leanaí Naomh Aindriais, Sráid an Phiarsaigh roimh Maresa Duignan, Oifigeach Forbartha leis an LFOLO, agus roimh toscairí OMEP ón RA, ón tSualainn agus ón Danmhairg. Ar na gnéithe den chuairt ba mhó suntais bhí cuairt ar an seomra suaimhnis a osclaíodh le déanaí agus ar an seomra TF. Chuir na leanaí cóir íontach ar na haíonna lena gcuid cantaireachta! Bhain chuile dhuine an-taitneamh as an maidin.

Buíochas le hUna agus lena foireann ar fad as cuairt phléisiúrtha.